Lámh a-niu im thionnsgnamh, a Thríonóid

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 33]

Gofraidh mac Briain Mhic an Bhaird .cc.

1 Lámh indiu im thionnsgnamh, a Thríonóid;
treoruigh mo leas damh-sa, a Dhé;
cleachtaim ámhuill ar iul ndíomhaoin
sdiur go rághuing míodhaoir mé.

2 Duit as léir mo leas is m’aimhleas,
eadráin m’iomruill uaim ar th’iocht,
oibrigh im beartaibh, bí im chridhe,
neartuigh, a rí nimhe, im niort.

3 Tu-sa do bhris [bás an airdríogh]
san inmhe chéadna is tú tá;
fionnam sgiath do chumhacht gceannsa
[cliath] rem urocht leam-sa an lá.  Lám.